Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

THE SCHOOL ADMISSIONS (Exceptional Circumstances) REGULATIONS (NI) 2010

RÉAMHRÁ

Tá an dréacht de The School Admissions (Exceptional Circumstances) Regulations (NI) 2010 á eisiúint le haghaidh comhairliúcháin. Iarrtar ar an phobal freagairtí ar a bhfuil sna rialacháin a sheoladh isteach faoin 23 Deireadh Fómhair, 2009.

Mar aon leis sin, tá doiciméad scagthástála um Comhionannas agus Cearta Daonna ar fáil le ráitis a thabhairt. An polasaí a ndearnadh braitheoireacht as a éilíonn iomlán Comhionannais ar an Measúnú Iarmharta. Iarrtar ar an phobal freagairtí ar a bhfuil sa cháipéis seo a sheoladh isteach faoin 23 Deireadh Fómhair, 2009.

Tig leat an doiciméad comhairliúcháin, the School Admissions (Exceptional Circumstances) Regulations (NI) 2010 agus an doiciméad scagthástála um Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais a léamh agus a íoslódáil ónár láithreán Gréasáin ag www.deni.gov.uk.

Ba chóir gach freagairt a sheoladh chuig Foireann Rochtain Scoile, An Roinn Oideachais, Teach Rath Gael, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, BT19 7PR nó chuig Alison.Thompson@deni.gov.uk. Ar aon dul leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, féadfaimid an fhaisnéis a sholáthróidh tú a fhoilsiú. Foilseofar achoimre ar na tuairimí ar fad a gheobhaimid agus freagairt na Roinne orthu siúd nuair a bheidh an tréimhse chomhairliúcháin thart.

Má tá na cáipéisí sin de dhíth ort i bhformáidí eile (ar nós cló mór, Braille, ar clostéip, soléite nó ar diosca ríomhaire) agus/nó i dteangacha eile, nó má tá aon cheisteanna eile agat, le do thoil, teigh i dteagmháil le Foireann Rochtain Scoile tríd an seoladh nó an seoladh ríomhphoist thuas a úsáid nó trí cheann ar bith de na modhanna seo a leanas;

Guthán: 028 9127 9605

Téacsfón: 028 9127 9472

Facs: 028 9127 9417

ACHOIMRE AR AN NÓS IMEACHTA CÚINSÍ EISCEACHTÚLA

1. Tá páistí áirithe (gan iad siúd a bhfuil Ráiteas Sainriachtanais Oideachais acu a chur san áireamh) faoi chúinsí doshéanta ar leith, rud a chiallaíonn go gcaithfidh siad áit a iarraidh in iar-bhunscoil áirithe, ach ní féidir iad a ligean isteach sa scoil sin tríd an ghnáthmhodh Aistrithe. Ní dhíríonn an córas reatha aistrithe ó bhunscoil go hiar-bhunscoil, agus ó iar-bhunscoil go hiar-bhunscoil eile, ar an riachtanas seo. Féachann an Nós Imeachta Cúinsí Eisceachtúla leis na cúrsaí sin a chur ina gceart.

2. Ar aon dul leis na moltaí i dTuarascáil Costello, aithníonn an Roinn Oideachais go mbeidh ar iar-bhunscoileanna áirithe grúpa beag páistí a ligean isteach agus nach féidir leis an Bhord Gobharnóirí i scoil ar leith cúrsaí mar sin a chinntiú i gcónaí trí chritéir iontrála a chur i bhfeidhm. Seachas sin, ba chóir go mbeadh tuismitheoir páiste ón ghrúpa bheag sin ábalta leas a bhaint as bealach ar leith isteach in iar-bhunscoil dá p(h)áiste, murar éirigh leis an chóras reatha Aistrithe freastal ar riachtanas eisceachtúil agus indibhidiúil an pháiste sin freastal ar scoil áirithe ar leith.

3. Tugann Airteagal 16A den Education (NI) Order 1997[1] dualgas don Roinn rialacháin a dhéanamh, d'iontrálacha a tharlóidh i ndiaidh Iúil 2010, a bhunóidh nós imeachta cúinsí eisceachtúla don aistriú iar-bhunscoile. Leagann Airteagal 16A síos roinnt gnéithe den nós imeachta mar seo a leanas:

   - Déanfaidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ESA) socruithe lena chinntiú go bhféadfaidh tuismitheoir páiste iarratas a dhéanamh ar Bhinse Cúinsí Eisceachtúla agus caithfidh an Binse éisteacht leis an iarratas sin.

   - Má tá an Binse Cúinsí Eisceachtúla sásta go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist leis an iarratas, rud a chiallaíonn go gcaithfear an páiste a ligean isteach san iar-bhunscoil shonraithe, ordóidh an Binse don scoil glacadh leis an pháiste.

   - Aon pháiste a ghlacfar isteach i scoil ar ordú ó Bhinse Cúinsí Eisceachtúla, beidh sé/sí de bhreis ar na hiontrálacha agus an líon ar rolla a ceadaíodh don scoil. Is ionann sin is a rá, go mbeidh an cumhacht ag na Binsí Cúinsí Eisceachtúla áiteanna breise a chruthú in iar-bhunscoileanna i gcás go measfaidh siad go bhfuil gá leo chun freagairt a thabhairt ar chúinsí eisceachtúla na n-iarratasóirí.

   - Ní féidir le páistí a bhfuil Ráiteas Sainriachtanais Oideachais acu iarratas cúinsí eisceachtúla a dhéanamh (tá nós imeachta eile ar fáil dóibh).

4. Chomh maith leis sin, cuireann Airteagal 16A freagracht ar an Roinn Oideachais níos mó sonraí a thabhairt (ar oibríocht an nóis imeachta cúinsí eisceachtúla agus sainmhíniú ar na cúinsí eisceachtúla) trí rialacháin. Le freagairt a thabhairt ar an dualgas sin, d'fhorbair an Roinn na dréacht-rialacháin atá ceangailte leis seo.

---

1 Arna leasú ag Airteagal 29 den Education Order 2006 agus ag Sceideal 7 den Education Bill atá faoi bhráid an Choiste Oideachais faoi láthair ag an Tionól.

5. Tá sé beartaithe ag na rialacháin go n-oibreoidh nós imeachta cúinsí eisceachtúla mar seo a leanas:

- **Cé a bheidh freagrach as na Binsí Cúinsí Eisceachtúla?**

  Beidh an ESA freagrach as socruithe a dhéanamh lena chinntiú go bhféadfaidh tuismitheoir páiste iarratas a dhéanamh chuig Binse Cúinsí Eisceachtúla. Go bunúsach, ciallaíonn sé sin go mbainisteoidh an ESA riarachán na mBinsí Cúinsí Eisceachtúla ó lá go lá. Beidh an Roinn Oideachais freagrach as an nós imeachta a rialú agus as na Binsí Cúinsí Eisceachtúla a bhunú.

- **Cé chomh minic agus a shuífidh na Binsí Cúinsí Eisceachtúla? Cá mhéad Binse Cúinsí Eisceachtúla a bheidh ann?**

  Suífidh na Binsí chomh minic agus is gá le freagairt a thabhairt ar líon na gcásanna a gheobhaidh siad. Beidh oiread Binsí ann agus a mheasann ESA atá de dhíth le freastal ar an ráchairt sin. Féadfaidh dhá Bhinse nó níos mó a shuí ag aon am ar leith le héisteacht leis an oiread cásanna agus is féidir laistigh de na hamscálaí gearra a bheidh ar fáil.

- **Cé a shuífidh ar na Binsí Cúinsí Eisceachtúla?**

  Roghnófar Binsí Cúinsí Eisceachtúla ó phainéal gairmithe cáilithe arna ceaptha ag an ESA le hiarratais ó thuismitheoirí a mheas. Beidh triúr ar gach Binse. Caithfear ar a laghad dlíodóir nó abhcóide amháin a bheith i measc an triúir sin. Seachas na daoine thuasluaite, beidh "taithí chuí ar an oideachas agus ar leas páistí" ag na daoine, dar leis an ESA. Tabharfar pá do na baill. Beidh cinntí bunaithe ar thromlach simplí an Bhinse.

- **Cén uair a bheidh tuismitheoirí ábalta iarratas a dhéanamh chuig na Binsí Cúinsí Eisceachtúla nua?**

  Beidh tuismitheoirí ábalta iarratas a dhéanamh chuig na Binsí Cúinsí Eisceachtúla le haghaidh ordaithe le go nglacfaidh iar-bhunscoil áirithe lena p(h)aiste ó Earrach 2010, maidir le hiarratas le haghaidh iontrálacha a rachaidh i bhfeidhm i ndiaidh Iúil 31, 2010.

- **Cad é mar is féidir le tuismitheoirí iarratas a dhéanamh?**

  Déanfaidh tuismitheoirí iarratas chuig Binse Cúinsí Eisceachtúla i scríbhinn agus leagfaidh siad amach forais a n-iarratais. Féadfaidh an Binse Cúinsí Eisceachtúla eolas breise a iarraidh ó thuismitheoirí faoi sprioc-am agus tairgfidh siad an deis do thuismitheoirí le haighneachtaí scríofa a dhéanamh nó le teacht os comhair an Bhinse i bpearsa chun uiríollaí a dhéanamh ó bhéal. Féadfaidh an Binse eolas breise a iarraidh ó aon fhoinse a bhaineann le cinneadh ar iarratas. Caithfear éisteacht le cás laistigh

de 4 seachtaine ón dáta a gheobhfar an t-iarratas nó chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

Cad é mar a shainmhíneoidh na Binsí Cúinsí Eisceachtúla an frasa 'cúinsí eisceachtúla'?

Bainfidh na Binsí Cúinsí Eisceachtúla úsáid as an sainmhíniú seo a leanas ar chúinsí eisceachtúla lena chinntiú cé acu tá na cúinsí a ndéantar tagairt dóibh in iarratas eisceachtúil nó nach bhfuil: **"cúinsí atá eisceachtúil agus pearsanta araon don pháiste atá i gceist agus a bhaineann le hiontráil chuig scoil shonraithe amháin"**.

Cé na cineálacha cásanna a d'fhéadfaí a mheas mar eisceachtúil?

Ní chlúdaíonn na cásanna seo a leanas na cásanna ar fad a **fhéadfaidh** na Binsí Cúinsí Eisceachtúla a mheas mar shamplaí de "chúinsí eisceachtúla" a bhfuil iontráil isteach in iar-bhunscoil shonraithe de dhíth dá mbarr:

- cásanna, dar le liachleachtóir cláraithe, inar baineadh **mí-úsáid ghnéasach** as páiste;
- cásanna a bhfuil an páiste **faoi chúram an Údaráis Áitiúil**.

Cé na cineálacha cásanna nach bhféadfaí a mheas mar eisceachtúil?

Ní fhéadfaidh Binsí Cúinsí Eisceachtúla na cásanna seo a leanas a mheas mar shamplaí de chúinsí eisceachtúla:

- Cásanna nach bhfuil iontu go bunúsach ach argóint le haghaidh rochtain ar rogha **timpeallachta oideachais nó ar rogha catagóir scoile**;
- Cásanna nach bhfuil iontu go bunúsach ach argóint le haghaidh rochtain ar chineál áirithe **soláthair oideachais lena n-áirítear rogha i bhfabhar ábhair nó cúrsa áirithe**;
- cásanna a bhaineann le **cumas acadúil** páiste den chuid is mó;
- cásanna a bhaineann le cé acu tá **córas iompair chun na scoile ar fáil** den chuid is mó.

Cad a tharlóidh i gcás nach ndearna tuismitheoir iarratas chuig an scoil atá i gceist tríd an ghnáthmhodh Aistrithe?

Ní bheidh Binsí Cúinsí Eisceachtúla ábalta breithniú a dhéanamh ar aon iarratas le go ligfear páiste isteach i scoil shonraithe, faoin nós imeachta Cúinsí Eisceachtúla, ach

amháin má mheas an scoil sin iarratas ón pháiste cheana agus níor aontaigh an scoil an páiste a ligean isteach.

6. Mar achoimre, rialóidh School Admissions (Exceptional Circumstances) Regulations (NI) 2010 bearta na mBinsí Cúinsí Eisceachtúla, agus cur i bhfeidhm praiticiúil an nóis imeachta cúinsí eisceachtúla. Caithfidh na Rialacháin a chinntiú;

- Nach bhfreagróidh na Binsí ach do chásanna ina bhfuil fíorchúinsí eisceachtúla;
- Nach n-ordóidh na Binsí gur chóir glacadh le páiste ag scoil áirithe i gcás go bhfuil rogha réasúnta eile ar fáil don pháiste sin.
- Gur féidir tuairimí an pháiste a chloisteáil;
- Go mbeidh na Binsí ábalta cinntí réasúnacha agus tráthúla a dhéanamh maidir le gach cás a mheasfaidh siad;
- Nach ndúblóidh nó nach mbreágnóidh an nós imeachta Cúinsí Eisceachtúla an dá mhodh eile trínar féidir le páistí fáil isteach in iar-bhunscoileanna: An nós imeachta iarratais chaighdeánaigh agus an nós imeachta do pháistí a bhfuil ráiteas Sainriachtanais Oideachais acu.

7. Caithfear na Binsí Cúinsí Eisceachtúla a bhunú agus a bheith ar fáil le héisteacht lena gcéad iarratais in Earrach 2010, mar pháirt de nós imeachta Aistrithe 2010. Cuirfear fáilte roimh do thuairimí maidir leis na Dréacht-Rialacháin atá ceangailte leis seo.

AN ROINN OIDEACHAIS

MEÁN FÓMHAIR 2009